Toghaidh Dia neach ’n-a naoidhin

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 37]

Tadhg Óg Ó hUiginn cct.

1 Toghaidh Dia neach ’n-a naoidhin
- is creidthe ar a chomaoinibh;
mar bhías leanbh an lá bearair
a-tá a dhearbh gun Dúileamhain.

2 Gan a thogha an tráth gheinios
ar shíol Ádhaimh imthighios
ar bheith ní as sine ná sin
ní fheith rí nimhe ar naoidhin.

3 Cuiridh Íosa an uair beirthir
a airdhe sul aithnighthir
briocht seirce san té thoghas
nach leicfe é i n-amhoras.

4 Do-bheir do neoch ’n-a naoidhin
mar chéadrath cruth forbhfaoilidh;
ní dealbh a-bháin do-bearar
do leanbh do b’áil d’fhoillseaghadh.

5 Do-rinne Dia do dhealbh neamh
dá chinnlitir dá chineadh
na foirne do shíol ó shoin,
roighne dhíobh agus díoghain.

6 An lá do dhealbh an domhan
síol Éabha is é a mbreathnoghadh
go bhfaca Dia ga ndéanamh
cia aca do uaisléaghadh.

7 Lucht na togha an tráth nach gabh
le damhna ríogh ga ríoghadh
ní horthaibh do dhligh diomdha;
do nimh toghthair tighiorna.

8 Urusa a aithne - is eadh a shuim -
a Bháitéir mhac mheic Éamoinn,
gurbh é do thogha tharsa
rogha Dé gud dhéanamhsa.

9 Rí na n-uile ó do b’é a mhian
tú id chinnbhile ar Chloinn Uilliam

a bhfuil aca ag righe ruibh
slata idhe gut fhéachain.

10 An lá thug ceard na cruinne
thú dar gcabhair chuguinne
tuig, a chodhnaigh chnuic Meadha,
dhuit gur ollmhaigh aisgeadha.

11 Muna bheith Dia, a dhearc mar ghloin,
ar tí do thogha ó thosaigh
iul agus aoibh is aithne
dhaoibh ’n-a dtriur ní tiobhairthe.

12 Créad fa dtiobhairthe, a thuir Bhreagh,
mar asgaidh dhuit ón Dúileamh
re a thuigsin acht dod thogha
na ruisgsin mar réaltona.

13 Dearg an béal is bán an troigh
fuarais gud thogha ó thosaigh;
díol [buaidhe] saor a snoighe,
nuaidhe an taobh ’s is tanoidhe.

14 Rinn eangnamha agus einigh
fuarais i n-aois óigleinibh;
nach tiobhairthe acht dod thogha
ionaithne na hasgadha.

15 Draoithe Éireann, a ucht geal,
gut urfhógra ó aois naoidhean
’s gach dúil ag arbh iongnadh eol
fiodhbhadh agus úir is ai-eor.

16 Conn mac Úna is amhlaidh sin
fuair a fhógra i n-aois leinibh;
do bhí fiodhbhaidh na Fódla
re n-iodhnaibh ga urfhógra.

17 Gach abhann i nInis Fháil
do bhí i nglas ar n-a gabháil,
leis do sgaoileadh dhí a-dearair
rí Gaoidheal dá ghineamhain.

18 An dá shruth do dhúsgadh dhó
fuair mar onóir ó Íosa
siad fa úir go haimsir Cuinn
nar fhaillsigh Súir ná Sionuinn.

19 Bearbha do thocht a talmhain

comhardha dá chomhardhaibh;
ar Bearbha do bhí geimhiol
rí Teamhra gur tuismigheadh.

20 Ionann do toghadh thusa
is Conn, a chruth mállasa,
is sibh as conchlonn do Chonn
dámadh comhthrom ibh d’fhearann.

21 A-tá ’n-a ithiomrádh ort
anmhain ar imlibh Connocht;
ní fearann imil badh fhearr,
beanam re hinnibh Éireann.

22 Leath Éirionn, a earla fiar,
a-tá i gcairt Chloinne Uilliam;
ná leig do leath féine i bhfad
Éire dá ndeach ar dearmad.

23 Teachta a-nall ó fhiadh Oiligh
is iomdha dot ionnsoighidh;
ó fríoth an t-amsa ar Oileach
gá hannsa an chríoch chomhaidheach.

24 Comhtha as aga n-iarraidh
ag clannuibh Néill Naoighiallaigh;
nár an bhraidse ar Dhún Dealgan
dúnn as fhoigse an t-imdheargadh.

25 Fa Loch nEachach is iomdha
cúis toirrse ga thighiorna
halla agus tor ’n-a dtaisibh;
Banna ar an gcor gcéadnaisin.

26 Nocha marann do mhnáibh Gall
gan ionnarbadh ón fhearann
bean do-ní osna i nEamhain;
do bhí an corsa i gcinneamhain.

27 Ionadh marbhtha mhac nUisnigh
do treabhadh don tuluighsin;
ar an bhfaithghe ar thuit an triar
an aithne dhuit an dímhiadh.

28 An chríochsa fa chlannaibh Néill
- gabh mar bhrosdadh, a Bháitéir, -
cloch aoil dá bhfuil ar a feadh
nír chuir acht saoir bhar sinnsear.

29 Cia dhíobh ler saothroigheadh sin
an dá Iarla, a fhir Luimnigh?
ní fhuil lios ná cloidhe cuir
nach fuighe a fhios i n-Ultaibh.

30 Gearr bhus libh an líne tor
don Iarla Ruadh do-rónadh;
ní daoibh do chuir na clocha
bhar dtuir aoil, a Ultacha.

31 An t-Iarla Donn ’n-a dheaghaidh
do-ní iad dá oidhreadhaibh;
an t-Iarla isa hobair soin
togaibh mar fhiadhna ar Ultaibh.

32 Clann Uilliam ag éirghe libh
is clann Eoghain it aighidh
ní bhia, a shaorchrann Shídhe Truim,
san ríghe acht aonchlann aguinn.

33 A ndearnais d’fheidhm, a fholt tiugh
ar son coda do chóigeadh
dá ndearna a leath bud latsa,
a chleath Eamhna, an Iarlachtsa.

34 Tiocfa aicme an Iarla Ruaidh
id chomhdháil gus an gCraobhruaidh;
do ghaolta dá hathchur ort
faghthar t’aonta don Iarlacht.

35 Do chreachais an gCeapaigh n-Aird,
a chodhnaigh Chloinne Riocaird,
iomdha bó agus each uirthe;
nochar mhó creach [Conmhaicne.]

36 A Mheic Uilliam, dá éis soin
tugais maidin do Mhaonmhuigh;
iomdha tuir aoil ’n-a n-aislibh
i Muigh Maoin an mhadainsin.

37 Tír Fhiachrach Muaidhe go mion
a daingne uainn do hairgeadh;
nír dhaingne a gcriathrach ná a gcoill
í Fhiachrach Aighne orainn.

38 Ard Rathain do losgadh libh
giodh céim uasal le áirimh;
Loch Riach i n-a dhoighir dhe,
a thriath Oiligh, do b’uaisle.

39 Téid aca - nír bh’iongnadh dháibh -
d’éis a ndearnais dá ndíoghbháil
ag clódh ó fhine Eadhra
cridhe mór ar mhímheanma.

40 Doirbh fulung a bhfuarais d’ulc
ag argain Iarthoir Connacht;
ag teachta a hUmhall tar ais
deacra fulang a bhfuarais.

41 Tángabhair - fa toisg shodháin -
d’fhortucht aicme Madadháin;
feadhain nachar mhoille ó mhnáibh
tre fheadhaibh chloinne Cochláin.

42 Ní fhaca tusa, a thuir Mhis,
lá creiche Chloinne Muiris
an tóir ag tocht id fhrithing;
budh cóir ort a n-oirichill.

43 Tar shíol gCréidhe do chuir sibh
Baile an Tobair tre theinidh;
Ros Comáin lán do loisin
nár don chombáidh chéadnaisin.

44 An n-osgladh idhe do ghlais
do chodhnach Chloinne Feorais
bheith orlamh le cíos cairte
bhíos i gcunnradh comairce.

45 I n-Áth Iomdháin nír fhiu lat
is síol gConchobhair chugat
tocht gan ionnladh ins an áth
go dtiobhradh ort a n-ursgáth.

46 Creach nar luime creach Codhlaigh
tugais ó Thír Amhalghaidh;
ní beithte riu seacha sin
liu do chreacha ná a gcluintir.

47 A mhac Mairgréige ó mhúr Náis,
a mheic thoirbheartaigh Thomáis,
do chor sheilbhe ar Mhagh Macha
tar, a eidhre an ardfhlatha.  Tag.